Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN FEIDHME

LÚIL 2025

Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 2

2. Cúlra 3

3. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna 4

3.1. Meas 4

3.2. Rannpháirtíocht 7

3.3. Ionchuimsiú 8

3.4. Ceartas Sóisialta 10

1. Réamhrá

Chun teacht le **Dualgas an Earnála Phoiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna (an Dualgas)** ní mór d'eagrais phoiblí ceann a thabhairt den riachtanas fáil réidh le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cosaint a thabhairt do chearta daonna, d'fhostaithe, lucht úsáid seirbhísí, baill agus lucht tairbhe polasaithe i ngach réimse feidhme dá gcuid[1]. Agus an plean feidhme seo á chur i dtoll a chéile, tugadh ceann de na treoirlínte curtha amach ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas[2].

Ní mór d'Eagrais Phoiblí tabhairt faoi thrí chéim agus iad ag cur an Dualgas seo i bhfeidhm:

> **Céim 1 - Measúnú**: Tabhairt faoi mheasúnú ar na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá ábhartha maidir leis na grúpaí aitheanta faoin Dualgas (le fócas ar leith ar fhadhbanna atá ábhartha i dtaobh feidhmeanna ar leith an eagrais phoiblí sin) agus an measúnú sin a chur ar fáil go poiblí.
> **Céim 2 – Tabhair faoi**: Aithin agus léirigh na pleananna, polasaithe agus gníomhaíochtaí atá idir lámha nó á moladh chun freagairt do na fadhbanna aitheanta sa mheasúnú sna pleananna, polasaithe, cláir agus seirbhísí de chuid an eagrais phoiblí sin; agus
> **Céim 3 - Tuairiscigh**: Déan tuairisciú go bliantiúil maidir le forbairt agus gaisce timpeall ar chur i bhfeidhm an Dualgais.

Tá na grúpaí aitheanta faoin Dualgas clúdaithe faoi bhonn inscne (le cur i láthair inscne, féiniúlacht inscne agus gnéithe gnéise san áireamh), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (le tuismitheoirí agus cúramóirí aonair san áireamh), aois, míchumas (sainmhínithe ar shlí leathan mar gach grúpa mallachair), claonadh gnéis, cine (le hinimircigh agus iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta san áireamh), creideamh, ballraíocht den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch (faoi riosca, nó ag fulaingt, ó bhochtanas agus eisiamh)[3]. San áireamh anseo táid sin atá suite ag an áit a mbuaileann aon dá cheann de na bhoinn seo lena chéile. Anuas air sin, clúdaíonn sé iadsan a bhfuil cearta acu faoi na hionstraim cearta daonna éagsúla ábhartha maidir le feidhmeanna an eagrais phoiblí.

1 Alt 42, Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionnanas 2014.

2 'Ag Cur Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna an Earnala Poiblí i bhfeidhm', Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionnanas 2019.

3 Is iad seo an naoi bhforas a clúdaíodh faoi reachtaíocht chomhionnannais, i dteannta foras amháin eile a mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina 'Treorlínte don Dualgas, 2019' .

2. Cúlra

Cuireadh an measúnú seo ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna i dtoll a chéile ag tarraingt ar bhonn fianaise de thaighde agus tuairiscí reatha faoi chomhionannas agus cearta daonna, idir áitiúil agus náisiúnta. **Ní measúnú é ar Chomhairle Contae Chiarraí ná a gníomhaíochtaí reatha chun fáil réidh le leithcheal, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint.**

Is é atá ann ná measúnú leathan timpeallachta ar na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá soiléir sa chomhthéacs ina mbíonn Comhairle Contae Chiarraí ag feidhmiú. Léiríonn sé na fadhbanna comhionannais agus cearta daonna atá ag cur as do na grúpaí aitheanta faoin Dualgas atá ábhartha maidir le hobair Chomhairle Contae Chiarraí. Tugadh faoi chun go mbeidh Comhairle Contae Chiarraí in ann an Dualgas a chur i bhfeidhm agus, ar an mbonn sin, léiríonn sé fadhbanna atá ábhartha ar shlí dhíreach d'fheidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí, anuas ar cheisteanna a bheadh le tabhairt san áireamh ag Comhairle Contae Chiarraí i mbun chomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Mar atá ráite thuas, cuireadh an measúnú le chéile bunaithe ar bhonn fianaise de thuairiscí agus taighde reatha ar chomhionannas agus cearta daonna. Cuirtear an bonn fianaise seo ar fáil as féin, scoite ón gcáipéis seo, ag aithint na foinsí a úsáideadh, agus sonraí tábhachtacha ó gach foinse acu.

Tugadh faoin measúnú ar bhealach rannpháirtíoch leis an dréacht-mheasúnú ag dul faoi athbhreithniú le heagrais ón sochaí sibhialta ionadaíoch ar na grúpaí aitheanta faoin Dualgas. Aon leasaithe a eascair as an athbhreithniú sin, glacadh leo ag an ngrúpa oibre.

Baineadh úsáid as an gceithre bhunluach aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí a ghríosann ár n-uaillmhianta do chomhionannas agus cearta daonna maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais, agus creat á leagan amach againn don measúnú seo ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna. Is iad na bunluacha seo:

- Meas
- Rannpháirtíocht
- Ionchuimsiú
- Ceartas Sóisialta

Is é a bhaineann le measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna ná iniúchadh ar ionad, taithí agus féiniúlacht na ngrúpaí aitheanta faoin Dualgas, sa chás is go gciallaíonn na focail seo:

- **Ionad** an ghrúpa maidir lena rochtain ar acmhainní agus aon mhíbuntáiste ar leith a bhíonn ag cur as dóibh.

- **Taithí** an ghrúpa maidir le caighdeán a gcaidreamh le fostaithe agus soláthraithe seirbhísí agus leis an sochaí níos leithne.
- **Féiniúlacht** an ghrúpa maidir leis an tslí a roghnaíonn siad chun a bhféiniúlacht a chur in iúl agus na riachtanais ar leith a eascraíonn as a bhféiniúlacht.

Tá na ceisteanna/fadhbanna aitheanta sa mheasúnú seo ábhartha do na grúpaí ar fad atá aitheanta faoin Dualgas, agus do ghrúpaí atá suite ag an áit a mbuaileann aon dá cheann de na bhoinn aitheanta lena chéile, ach amháin sa chás is go ndeirtear a mhalairt.

3. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta Daonna

Tá an measúnú seo ar chomhionannas agus cearta daonna tógtha timpeall ar cheithre bhunluach aitheanta ag Comhairle Contae Chiarraí, a thiománann ár ndúthracht i leith chomhionannais agus cearta daonna agus an Dualgas á chur i bhfeidhm againn.

Baineann na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna aitheanta thíos le gach ceann de na grúpaí aitheanta mura ndeirtear a mhalairt.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach mbaineann aon ord tábhachta leis an ord ina leagtar amach na ceisteanna/fadhbanna anseo thíos.

San iomlán, tá gá ceann a thabhairt do na fadhbanna córasacha (maidir le nósanna imeachta institiúideacha) agus struchtúrtha (maidir le gnásanna agus luachanna an tsochaí) leithéidí ciníochas, gnéasachas, seicteachas (Ioslamafóbachas agus frithghiúdachas), hómafóbachas, trasfóbachas, agus aoiseachas agus sinn ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun freagairt do na fadhbanna comhionannais agus cearta daonna aitheanta thíos.

3.1. Meas

Baineann meas le cothroime, neamh-leathcheal, comhghlacadh agus dínit. Ciallaíonn sé a bheith ag caitheamh le daoine go cothrom agus le dínit, ag cumasú cumarsáide dhearfaí do réimse daoine éagsúla.

I measc na gceisteanna comhionannais agus cearta daonna bainteach leis an mbunluach seo agus ábhartha ó thaobh feidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí atá le freagairt agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, tá:

- Steiréitíopáil, réamhchlaonadh, fabhar agus eagla roimh an rud anaithnid mar a gcuireann isteach ar an deich ngrúpa, leithéidí:
    - *Steiréitíopáil timpeall ar chur i láthair agus díoscúrsa faoi na grúpaí aitheanta.*
    - *Easpa eolais faoin saol mar atá ag daone ó na grúpaí aitheanta, daoine LADTI+ san áireamh.*
    - *Éilimh ar dhaoine dubha agus d'eitneachtaí mionlacha comhshamhlú a dhéanamh leis na gnáis atá in uachtar sa sochaí.*
    - *Steiréitípí inscne agus rólanna dochta inscnithe a chuireann as do mhná.*
    - *Tuiscintí steiritípeacha agus aoiseacha ar dhaoine níos sine agus ar phróiseas an dul in aois.*
    - *Leibhéil mhíchompord aitheanta i dtuiscintí timpeall ar bheith ag maireachtaint agus ag obair le daoine go bhfuil fadhbanna sláinte meabhraí acu.*
    - *An creideamh go bhfuil an grúpa tromlaigh níos fearr ná grúpaí mionlacha, go háirithe grúpaí dubha agus d'eitneachtaí mionlacha.*

- Leithcheal, ag leibhéil an duine aonair agus go hinstitiúideach, agus eisiamh maidir leis an deich ngrúpa aitheanta:
    - *Leithcheal, go háirithe an taithí air a bhíonn ag daoine Dubha agus d'eitneachtaí mhionlacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine faoi mhíchumas, daoine LADTI+, agus ar bhonn stádais shocheacnamaíoch.*
    - *Leithcheal rochtana agus sa láthair oibre, go háirithe ag mná, daoine LADTI+, daoine Dubha agus d'eitneachtaí mhionlacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine faoi mhíchumas agus daoine níos sine. Leithcheal bainteach le bheith ag iompar clainne ag mná sa láthair oibre.*
    - *Leithcheal maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí, go háirithe mar a dtéann i bhfeidhm ar dhaoine Dubha agus d'eitneachtaí mhionlacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine faoi mhíchumas agus daoine de chreidimh mhionlacha.*
    - *Leithcheal maidir le rochtain ar thithíocht, go háirithe mar a dtéann i bhfeidhm ar dhaoine Dubha agus d'eitneachtaí mhionlacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, daoine óga, agus ar bhonn stádais shocheacnamaíoch.*
    - *Leithcheal a théann i bhfeidhm orthu siúd atá suite ag an áit a mbuaileann aon dá cheann de na grúpaí aitheanta seo lena chéile, go háirithe mná atá bainteach le grúpaí eile.*

- Ciapadh gnéis, ciapadh agus bulaíocht sna deich ngrúpaí. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Ciapadh gnéis ar mhná sa láthair oibre agus um sholáthar seirbhísí.*
    - *Ciapadh fulaingthe ag daoine sa láthair oibre agus um sholáthar seirbhísí, daoine LADTI+ san áireamh.*
    - *Díoscúrsa agus gníomhaíochtaí frith-inimirceach agus frith-theifeach, agus tuairimí diúltacha i dtaobh inimirceach, go háirithe Moslamaigh agus Roma.*
    - *Bulaíocht ar dhaoine óga ar-líne agus sa fíorshaol araon.*

- Neamhfheiceálacht éagsúlachta, easpa próifíle agus láithreacht ar éagsúlacht in eagras, agus a bheith ar dhuine a fhéiniúlacht a cheilt, bainteach le gach ceann den deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Timpeallachtaí oibre agus soláthair seirbhísí nach gcumasaíonn féin-aithint agus nach ligeann do dhaoine ó na grúpaí aitheanta iad féin a chur in iúl ar bhealach atá fíor, daoine LADTI+ ag teacht amach agus daoine trasinscneacha ag aistriú sa láthair oibre san áireamh.*
    - *Easpa sonraí faoi na grúpaí aitheanta chun cabhrú le cinnteoireacht fianaise-bhunaithe.*
    - *Easpa taighde ar stádas ar leith agus taithí ar leith daoine ó na grúpaí aitheanta i réimsí áirithe de sholáthar seirbhísí.*

- Aonrú i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Easpa chaidrimh le hinimircigh agus easpa chomhshamhlú ar inimircigh.*
    - *Aonrú sóisialta ar dhaoine faoi mhíchumas agus cíosaithe níos sine, agus iad a bheith ina gcónaí ina n-aonar.*
    - *Aonrú sóisialta ar dhaoine LADTI+ i gceantracha tuaithe.*

- Easpa neamhspleáchais sa deich ngrúpa aitheanta ar fad. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Easpa feasachta ar roghanna agus seirbhísí atá ar fáil i measc an deich ngrúpa aitheanta.*
    - *Easpa neamhspleáchais i measc daoine níos sine maidir le lóistín, bheith ina gcónaí ag a baile, ag dul in aois ina bpobal féin, agus i dtimpeallachtaí cúraim.*
    - *Easpa neamhspleáchais daoine faoi mhíchumas i láithreacha comhchónaithe.*
    - *Easpa neamhspleáchais daoine in ionaid lóistín soláthair dhírigh.*
    - *Easpa chumais agus easpa tacaíochtaí don neamhspleáchas.*
    - *Gan na grúpaí aitheanta a bheith ionchuimsithe mar fhaighteoirí agus tairbhithe chláir maoinithe agus sparánachtaí, gan iad a bheith ionchuimsithe ar bhealach a léiríonn éagsúlacht an tsochaí, agus idir eolas agus thacaíocht dá n-ionchuimsiú gan a bheith leordóthaineach.*

- Díchumhachtú, easpa eolais faoina gcearta, agus easpa cumais agus féinmhuiníne chun a gcearta a éileamh i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Leibhéil arda tearcthuairiscthe ar leithcheal i measc na ngrúpaí aitheanta.*
    - *Eagla faoi thuairisciú i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe daoine LADTI+ agus daoine faoi mhíchumas.*

- Easpa feasachta agus tuisceana ar chearta agus an méid atá riachtanach chun iad a chomhlíonadh, go háirithe maidir le hionstraim chomhionannais agus cearta daonna agus reachtaíocht, anuas ar thraenáil bainisteoirí agus baill foirne chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus eolas atá riachtanach.

3.2. Rannpháirtíocht

Ciallaíonn rannpháirtíocht do thuairimí a bheith á dtabhairt san áireamh, ag dul i bhfeidhm, tionchar a bheith agat, agus cur chuige comhoibritheach. Baineann sé le bheith ag éisteacht agus freagarthach, agus le bheith ag cumasú córais le daoine a thabhairt isteach sna próisis chinnteoireachta.

Is iad na ceisteanna comhionannais agus cearta daonna atá le freagairt orthu maidir leis an Dualgas, is atá bainteach leis an mbunluach seo chomh fada is a mbaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí ná:

- Bacanna ar rannphartaíocht dhaonlathach mar iarrathóirí roimh an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Bacanna roimh mhná, daoine dubha agus de mhionlacha eitneacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, agus daoine faoi mhíchumas.*

- Bacanna ar rannphartaíocht dhaonlathach mar vótálaithe roimh an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Eolas agus faisnéis theoranta.*
    - *Cur chuige agus próisis neamh-ionrochtana.*

- Easpa ghutha ag an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Easpa ionadaíochta fónta ag guth na ngrúpaí aitheanta i struchtúir oifigiúla chun dul i bhfeidhm ar dhéanamh polasaí agus cinnteoireacht.*
    - *Easpa tacaíochtaí agus acmhainní chun guthanna na ngrúpaí aitheanta a chumasú.*
    - *Easpa tionchair ag, agus easpa mheasa ar, thuairimí curtha in iúl ag na grúpaí aitheanta sna struchtúir oifigiúla.*

- Bacanna ar bheith istigh roimh an deich ngrúpa aitheanta ó thaobh an tslí a bhíonn measúnaithe, cruinnithe agus na struchtúir oifigiúla á n-eagrú agus á n-oibriú.

- Easpa sholáthair ar chumarsáid inrochtana, feasacht, eolas agus faisnéis do dhaoine sa deich ngrúpa aitheanta, agus iad ag iarraidh a bhfadhbanna a thabhairt os comhair na heagrais seo le plé.

- Easpa abhcóideachta agus tacaíochtaí abhcóideachta ag leibhéal an duine aonair maidir leis an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Easpa rochtana ar, feasachta faoi, agus eolais maidir le cinnteoireacht tacaithe do dhaoine faoi mhíchumas.*

- Easpa abhcóideachta agus tacaíochtaí abhcóideachta ag an leibhéal coiteann maidir leis an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Bacanna roimh abhcóideacht choiteann toisc go bhfuil easpa eagrúcháin agus acmhainní chun eagrú ar bhealach éifeachtach laistigh den deich ngrúpa aitheanta.*
    - *Bacanna roimh abhcóideacht choiteann toisc nach bhfuil ról abhcóideachta eagras pobail aitheanta ná tacaithe.*

3.3. Ionchuimsiú

Ciallaíonn ionchuimsiú aitheantas ar éagsúlacht agus rochtain. Baineann sé le héascú agus oiriúnú a dhéanamh ar mhaithe na riachtanas ar leith a éascraíonn as an éagsúlacht seo.

I measc na gceisteanna comhionannais agus cearta daonna bainteach leis an mbunluach seo agus atá ábhartha ó thaobh feidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí ar ghá freagairt orthu faoin Dualgas, tá:

- Bacanna agus easpa sholúbthachta sa tslí a n-eagraítear obair agus an láthair oibre a gcruthaíonn teorannacha rochtana agus dul chun cinn maidir leis an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Easpa lóistín ar chaighdeán réasúnta, socrúchán oibre solúbtha, tascanna oibre oiriúnaithe, agus oiriúnaithe rochtana d'oibrithe faoi mhíchumas.*
    - *Easpa aitheantais do cháilíochtaí inimirceach.*
    - *Bacanna roimh dhaoine trasinscneacha sa láthair oibre agus iad ag aistriú inscne.*
    - *Easpa roghanna scoir céim-ar-chéim d'oibrithe níos sine agus ceisteanna timpeall ar scor éigeantach.*

- *Gan timpeallachtaí oibre a bheith á gcruthú atá fáilteach agus slán don éagsúlacht oibrithe ó na grúpaí aitheanta ar fad.*
- *Easpa socrúchán oibre solúbtha do dhaoine go bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, le tuismitheoirí aonair san áireamh, agus míréir a bheith ann idir mná agus fir maidir le húsáid a bhaint astu seo.*

- Bacanna agus easpa sholúbthachta maidir le dearadh agus soláthar seirbhísí, rud a bhíonn ag cruthú teorainn i dtaobh rochtana agus torthaí dearfacha do na grúpaí aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *An tslí go bhfuil teipthe seirbhísí agus a soláthar a chur in oiriúint chun go gcinnteofaí rochtain do na grúpaí aitheanta, lena riachtanais ar leith á gcomhlíonadh.*
  - *An tslí go bhfuil teipthe timpeallachtaí soláthair seirbhísí a chur ar fáil atá fáilteach agus slán don éagsúlacht úsáideoirí seirbhísí ó na grúpaí aitheanta ar fad.*
  - *Fadhbanna le bacanna airgeadais maidir leo siúd atá thíos de bharr a stádas íseal socheacnamaíoch.*
  - *Fadhbanna incháilitheachta d'úsáideoirí seirbhísí ón bpobal Roma de bharr gan iad a bheith in ann teacht ar cháipéisíocht leordóthaineach.*

- Easpa solúbthachta agus oiriúnaithe maidir le tithíocht agus seirbhísí do dhaoine gan dídean, a bhíonn ag cur bac ar rochtain agus torthaí dearfacha do na grúpaí aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Easpa tithíochta aois-oiriúnaithe do dhaoine níos sine agus easpa tacaíochta chun na hathruithe ar ghá a dhéanamh dóibh.*
  - *Easpa tithíochta inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus easpa tacaíochta chun na hathruithe ar ghá a dhéanamh dóibh.*
  - *Easpa lóistín atá in oiriúint go cultúrtha don Lucht Siúil, le stadanna sealadacha san áireamh, chun leithéidí úinéireachta capall agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith ar siúil ann.*
  - *Easpa rochtana ar an gcóras lóistín Rogha-Bhunaithe.*

- Bacanna ó thaobh bonneagair fhisiciúil agus easpa deartha uilíoch do bhonneagar fisiciúil, foirgnimh phoiblí, áiseanna scíthe, agus spásanna poiblí.

- Foirmeacha neamh-ionrochtana, easpa bhealaí cumarsáide oiriúnacha, agus ábhar cumarsáide neamh-ionrachtana maidir leis an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Easpa sholáthair ateangaireachta do dhaoine nach bhfuil Béarla acu.*
  - *Easpa ateangaireachta maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.*
  - *Easpa seirbhísí Gaeilge.*

- *Easpa teanga shímplí shothuigthe atá fuirist le léamh.*
- *Easpa feasachta maidir le riachtanais litearthachta gan chomhlíonadh maidir leis na grúpaí aitheanta ar fad.*

- Easpa feasachta maidir le héagsúlacht na spriocanna atá ann chomh fada is a bhaineann le héagsúlacht agus na himpleachtaí praiticiúla a mbaineann leis seo, anuas ar easpa traenála do bhaill foirne chun eolas agus scileanna a fhorbairt timpeall ar fhreagairt éifeachtach ag baill foirne agus bainisteoirí do na fadhbanna seo sa láthair oibre agus timpeall ar sholáthar seirbhísí.

3.4. Ceartas Sóisialta

Is é is brí le Ceartas Sóisialta ná cothromú a dheanamh ar acmhainní ar mhaithe torthaí cothroma a bhaint amach. Baineann sé le tús áite a thabhairt do ghrúpaí atá leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste.

I measc na gceisteanna comhionannais agus cearta daonna bainteach leis an mbunluach seo agus atá ábhartha ó thaobh feidhmeanna Chomhairle Contae Chiarraí ar ghá freagairt orthu faoin Dualgas, tá:

- Easpa de scaipeadh cothrom suntasach náisiúnta ar, agus idir ailíniú áitiúil ar agus fhreagairt réamhghníomhach do, chur i bhfeidhm polasaithe agus tionscnaimh náisiúnta dírithe ar an deich ngrúpa aitheanta.

- Míbhuntáiste fostaíochta, le dífhostaíocht, tearcfhostaíocht agus fostaíocht leochaileach san áireamh, maidir leis an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Míbhuntáiste sa mhargadh oibre, go háirithe do dhaoine Dubha agus de mhionlacha eitneacha, leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine níos sine, daoine óga, tuismitheoirí aonair agus daoine faoi mhíchumas.*
  - *Easpa rochtana ar obair cheart (ioncam féireáilte, fostaíocht shlán, agus coinníollacha oibre sábháilte) do thuismitheoirí aonair, mná, daoine óga, inimircigh, agus daoine faoi mhíchumas.*
  - *Bacanna ar mhná ag dul chun cinn ina ngairm agus maidir le repertoire ealaíne in earnáil na n-ealaíon.*

- Bacanna maidir le rannpháirtíocht agus dul chun cinn laistigh den láthair oibre i gcás an deich ngrúpa aitheanta ar fad. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Easpa dul chun cinn agus bacanna roimh ardaithe céime sa láthair oibre, go háirithe do mhná, daoine dubha agus mionlaigh eitneacha.*

- *Bearnaí pá sa láthair oibre, go háirithe do mhná.*
- *Leithscaradh sa láthair oibre, go háirithe ar bhonn inscne.*

- Easpa dídine agus neamhshláine tithíochta i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Leibhéil arda easpa dídine i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe daoine Dubha agus de mhionlaigh eitneacha leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, tuismitheoirí aonair, agus daoine óga LADTI+.*
  - *Líon ban agus leanaí gan dídean ag dul i méid i gcónaí de bharr foréigean baile.*
  - *Róphlódú i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe daoine Dubha agus de mhionlaigh eitneacha leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine faoi mhíchumas agus daoine de stádas íseal socheacnamaíoch.*
  - *Easpa dídine ceilte i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe daoine óga LADTI+, daoine faoi mhíchumas agus an Lucht Siúil.*
  - *Daoine a bheith sáinnithe in ionaid lóistín soláthair dhírigh in ainneoin a stádas a bheith tugtha chun rialtachta, nó iarrachtaí iad a ruaigeadh in ainneoin nach bhfuil aon lóistín eile ar fáil dóibh.*
  - *Eagla roimh dhul isteach i lóistín éigeandála i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe an Lucht Siúil agus daoine óga LADTI+.*
  - *Deacrachtaí ag éalú ón easpa dídine ag na grúpaí aitheanta, go háirithe don Lucht Siúil agus daoine LADTI+.*
  - *Neamhshláine tithíochta i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe i gcás daoine níos sine.*
  - *Easpa tithíochta sóisialta chun freagairt do riachtanais daoine de stádas íseal socheacnamaíoch.*

- Bochtaineacht Tithíochta maidir le caighdeán lóistín i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Caighdeán íseal ar choinníollacha tithíochta i measc na ngrúpaí aitheanta, go háirithe tuismitheoirí aonair, daoine níos óige, daoine Dubha agus d'eitneachtaí mionlacha leis an Lucht Siúil agus Roma san áireamh, daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas agus daoine de stádas íseal socheacnamaíoch.*

- Bochtanas i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
  - *Fadhbanna de bhochtanas seasmhach agus a bheith faoi riosca bochtanais de bharr stádais íseal socheacnamaíoch.*
  - *Míbhuntáiste shocheacnamaíoch a bheith dlúthaithe i gceantracha tíreolaíocha áirithe.*

    - *Bochtanas ag cur as go háirithe do dhaoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus Roma, tuismitheoirí aonair, agus daoine óga.*
    - *Tá teipthe dul i ngleic leis na costais bhreise a bhaineann leis an míchumas.*

- Neamhionnannas digiteach i measc an deich ngrúpa aitheanta. Díríonn na sonraí go háirithe ar:
    - *Fadhbanna nascachta agus easpa rochtana ar an idirlíon.*
    - *Easpa rochtana ar na gléasanna riachtanacha agus an cumas iad seo a úsáid.*

- Bacanna ar a bheith rannpháirteach sna healaíona i measc an deich ngrúpa aitheanta.

- Easpa sholáthair ar eolas agus fógraíocht suas-chun-dáta agus inrochtana maidir leis na seirbhísí atá ar fáil, conas teacht ar na seirbhísí seo, agus conas tairbhe a bhaint astu.